Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2024
(OR. en)

16008/24
PV CONS 59
AG 182

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Ginearálta)

19 Samhain 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15634/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

(a) Liosta neamhreachtach — 15639/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) — 15641/24

## Plé reachtach

### Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

**1. Rialachán maidir le hathbhreithniú EMIR**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

15043/24 + ADD 1
PE-CONS 41/24
EF

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**2. Treoir maidir le hathbhreithniú EMIR**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

15050/24
PE-CONS 42/24 +
EF

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 53(1) CFAE).

**3. Rialachán maidir le rátálacha comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

15029/24
PE-CONS 43/24
EF

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

**An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht**

**4. Rialachán maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais** ❶C 15058/24 + ADD 1
PE-CONS 67/24
MI

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Laitvia agus an Ungáir ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**5. Rialachán maidir le deireadh a chur leis an gClár Eorpach maidir le réiteach díospóide ar líne (ODR)** ❶C 15113/24
14152/24 + ADD 1
CONSOM

*Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle*

D'fhormheas an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

**An Comhshaol**

**6. Rialachán lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin** ❶C 15263/1/24 REV 1
PE-CONS 92/24
CLIMA

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Iodáil ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | |
|---|---|---|
| 3. | Ullmhúchán don Chomhairle Eorpach an 19–20 Nollaig 2024: Dréachtchlár oibre anótáilte<br>*Seisiún tuairimíochta* | 14800/24 |
| 4. | Idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta: plé tírshonrach<br>*Seisiún tuairimíochta* | 12104/24 |
| 5. | Luachanna an Aontais san Ungáir/Airteagal 7(1) CAE, togra réasúnaithe<br>*Staid na himeartha* | |
| 6. | Aon ghnó eile | |

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 15641/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le hathbhreithniú EMIR**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN tSEICIA**

'Ba dhíol sásaimh do Phoblacht na Seice an tionscnamh chun margadh imréitigh an Aontais a dhéanamh níos tarraingtí agus táimid an-sásta gur chomhaontaigh na comhreachtóirí uile an díolúine ón oibleagáid imréitigh maidir le díorthaigh thar an gcuntar a eascraíonn as seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála a chur san áireamh. Maolóidh sé sin go mór an t-ualach leachtachta neamhriachtanach ar chliaint agus ar chomhaltaí imréitigh an Aontais, cuirfidh sé feabhas ar bhainistiú cuí riosca na bpunann díorthach, agus ar an gcaoi sin, beidh margadh caipitil an Aontais níos iomaíche i gcoitinne le dlínsí eile nach dlínsí de chuid an Aontais iad.

Ar an taobh eile, creidimid i réitigh mhargadhbhunaithe, rud a fhágann go bhfuil imní orainn – ó cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach – faoin gceanglas maidir le cuntas gníomhach. Ag an am céanna, in ainneoin na n-ábhar imní atá againn, bhíomar agus táimid i gcónaí ag iarraidh a bheith chomh cuiditheach agus is féidir; táimid toilteanach glacadh le ceanglas maidir le cuntas gníomhach oibríochtúil fad is nach bhfuil sé ródhian ar na rannpháirtithe is lú sa mhargadh. Faraor, ag eascairt as an gcomhréiteach is déanaí, feictear dúinne gur ar na rannpháirtithe sin amháin a thitfidh an t-ualach is mó agus is costasaí.

Dar linne, ní hamháin go mbeidh na rannpháirtithe margaidh airgeadais agus neamhairgeadais beaga thíos leis mar gheall ar an gceanglas cuntas gníomhach a oscailt, ach beidh orthu costas comhlíontachta substaintiúil a sheasamh freisin. Leis seo, tugtar isteach cineálacha nua tuairiscithe chomh maith le ríomh roinnt tairseacha nua. Thairis sin, is deacair na riachtanais a léirmhíniú agus níl siad iomlán comhleanúnach. Tá amhras orainn go méadóidh an cur chuige seo trádáil agus imréiteach díorthach thar an gcuntar san Aontas.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar bhunluach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus le reachtaíocht náisiúnta na hUngáire, léirmhíníonn an Ungáir ar inscne mar dheiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap 'inscne' ná tagairt do 'gnéas' agus ar an gcoincheap 'sonraí imdhealaithe de réir inscne' ná tagairt do 'bailiú sonraí ar bhonn gnéas bitheolaíoch' sa Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais, ós rud é gur ar bhonn gnéis bitheolaíoch amháin is féidir sonraí a bhailiú san Ungáir.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

‘Tugann an Coimisiún Eorpach dá aire go bhfuil forbairt mhór tagtha ar an gcomhaontú críochnaitheach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais ó thaobh na foirne agus na n-acmhainní is gá chun é a chur chun feidhme ag an gCoimisiún, i gcomparáid leis an ráiteas airgeadais reachtach a bhí ag gabháil leis an togra bunaidh (COM(2022) 453 final an 14.9.2022), a bunaíodh ar shamhail dhíláraithe cur chun feidhme mar aon le tacaíocht don chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais.

Meabhraíonn an Coimisiún, i gcás an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil reatha, go bhfuil an Coimisiún ag feidhmiú faoin bprionsabal foirne cobhsaí arna fhorchur ag an údarás buiséadach, agus – i bhfianaise an réimse leathain cúraimí breise a tugadh don Aontas ó bhí tús an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil ann – go bhfuil sé faoi shrianta diana cheana féin, rud a fhágann go bhfuil sé deacair fiú na riachtanais a bhaineann leis na cúraimí atá ann cheana a chumhdach. Níl aon lamháil ann chun oifigigh bhreise ná foireann sheachtrach bhreise a mhaoiniú. Dá bhrí sin, aon chúram breise a thabharfaidh na comhreachtóirí don Choimisiún, beidh athneartú acmhainní comhfhreagracha ag gabháil leo lena n áiritheofar go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad.

I bhfianaise an mhéid thuas, mar thoradh ar na hacmhainní daonna breise de chuid an Choimisiúin a cheanglaítear leis an gcomhaontú críochnaitheach a d’fhormhuinigh na comhreachtóirí, ní bheidh an Coimisiún in ann an prionsabal foirne cobhsaí a urramú.

Chuige sin, beidh gá le poist bhreise sa phlean bunaíochta agus le leithreasuithe comhfhreagracha, a bheidh le húdarú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil in éineacht leis na leithreasuithe buiséadacha gaolmhara.

Thairis sin, molfaidh an Coimisiún freisin, faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, go gcruthófar línte buiséid breise faoi Chlár an Mhargaidh Aonair, faoin gClár Custaim nó faoin dá chlár sin, a mhaoineofar ó leithreasuithe an Chláir atá ar fáil, a mhéid a cheadaítear sin faoi na bunúis dlí faoi seach, mar a shainaithnítear sa Ráiteas Airgeadais Reachtach nuashonraithe arna sholáthar ag an gCoimisiún, a úsáidfear freisin chun cur chun feidhme an Rialacháin ag an gCoimisiún a mhaoiniú thar theorainn an phrionsabail foirne cobhsaí. Leis na línte buiséid nua sin cumhdófar costas gníomhairí conarthacha agus caiteachais riaracháin eile de chuid an Choimisiúin maidir leis an Rialachán a chur chun feidhme, a bheidh le húdarú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.’

**RÁITEAS ÓN LAITVIA**

‘Is díol sásaimh don Laitvia príomhchuspóir an Rialacháin rialacha a leagan síos lena gcuirtear toirmeasc ar oibreoirí eacnamaíocha táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a chur ar mhargadh an Aontais, iad a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais nó iad a onnmhairiú ó mhargadh an Aontais, chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, agus rannchuidiú ag an am céanna le comhrac an tsaothair éigeantais.

Ag an am céanna, measann an Laitvia go gcuirtear ualach suntasach riaracháin fós ar ghuaillí údaráis inniúla na mBallstát gan mionanailís a dhéanamh ar chur chun feidhme praiticiúil an Rialacháin, mar gheall ar ghnéithe áirithe den Rialachán. Is é tuairim na Laitvia gur gá réitigh a roghnú, chun an Rialachán a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, ar réitigh iad lena laghdaítear an t-ualach riaracháin agus na costais, agus lena bhféadfar príomhchuspóir an Rialacháin a bhaint amach ag an am céanna.

Is fearr leis an Laitvia réiteach ina ndéanann an Coimisiún na réitigh uile, rud a chuireann deimhneacht dhlíthiúil agus cur chuige aontaithe chun cinn sa Rialachán. Tríd an réiteach sin a roghnú, ní bhainfidh an t-ualach riaracháin atá ar údaráis inniúla na mBallstát ná an úsáid acmhainní ach leis an bhfaisnéis is gá a sheoladh agus leis sin amháin.

An amlíne dá bhforáiltear in Airteagal 5(3), ar lena linn a chuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas maidir leis na húdaráis inniúla ainmnithe agus maidir lena réimsí inniúla, tá an amlíne sin díréireach gearr. Beidh gá le creat rialála nua a fhorbairt laistigh den am sin, chomh maith le húdarás inniúil a roghnú nó institiúid nua a bhunú chun an Rialachán a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, b'fhearr a d'oirfeadh amlíne 24-mhí chun an t-údarás inniúil a ainmniú, le 18 mí chun na treoirlínte a fhoilsiú.

Níl breisluach soiléir ag an bhforáil in Airteagal 10 lena sonraítear go n-ainmneoidh na húdaráis inniúla pointí teagmhála chun faisnéis agus cúnamh a chur ar fáil do FBManna, agus in éineacht leis an bhforáil go n-áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na hacmhainní is gá ag Líonra an Aontais i gcoinne Táirgí Saothair Éigeantais chun na cúraimí a shanntar dó a dhéanamh, cuirfidh an fhoráil sin ualach riaracháin agus costais shuntasacha bhreise ar na Ballstáit.

Is oth linn nach mbunófar an t-idirnasc idir an Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh agus Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam ach 4 bliana ar a dhéanaí ón dáta a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme (Airteagal 7(5)). Is é tuairim na Laitvia gur cheart an t-idirnasc sin a bhunú go comhuaineach le cur i bhfeidhm an Rialacháin agus ní ina dhiaidh sin, seachas sin ba cheart na cúraimí a shanntar do na seirbhísí custaim a cheangal tráth a chruthaítear idirnasc nó ba cheart réiteach aistrithe iomchuí a fháil.

Is oth linn freisin nár caomhnaíodh leithdháileadh na n-imscrúduithe bunaithe ar leasanna an Aontais faoi chuimsiú an Rialacháin, ós rud é gur chuir an réiteach sin le rannpháirtíocht níos leithne an Choimisiúin i gcur chun feidhme an Rialacháin.

Leis an méid sin, staonann an Laitvia ón vótáil maidir le glacadh an Rialacháin.'